TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)

Treoirbhileog 32

CAIRTEACHA RÉALTA[1]:CÓRAS ÉARLAISÍ

Is iad torthaí an iompair a rialóidh a lán iompair nó a rachaidh i bhfeidhm air. Má fhaightear duais as iompar ar leith, nó má atreisítear go dearfach é, is mó an seans go dtarlóidh sé arís. Baintear úsáid as an gCairt Réalta go minic mar chóras duaiseanna. Tugtar duais as iompraíochtaí le greamáin réalta (nó le ticeanna, straoiseoga, pointí, áiritheoirí, creidmheasanna, srl) a bhailíonn daltaí agus faigheann siad duais orthu níos déanaí. Baineann lucht nuachtáin, garáistí, giomnáisiamaí agus go leor gnólachtaí eile úsáid as teicnící den sórt sin mar chleas margaíochta de bhrí gur bealaí cumhachtacha iad chun tionchar a imirt ar iompar an duine.

Tá réaltaí go maith mar atreiseoir toisc gur cuimhin le daltaí go bhfaighidh siad duaiseanna ar ball. Tá réaltaí áisiúil go háirithe toisc nach féidir i gcónaí duais a bhronnadh ar iompar áirithe díreach i ndiaidh dó tarlú nó gach uair a tharlóidh sé (m.sh. de ghnáth ní féidir le múinteoirí a gcuid oibre a fhágáil agus dul chuig an bpictiúrlann mar dhuais le haghaidh dalta a rinne obair bhaile).

Tá iompraíochtaí áirithe ann is mian linn a fheiceáil ach nach dtarlaíonn ach go hannamh agus is féidir cairteacha Réalta a úsáid chun iad a mhéadú (m.sh. ag díriú ar aon tasc amháin, a bheith in am don rang) agus is féidir iad a úsáid freisin chun laghdú a dhéanamh ar iompraíochtaí áirithe eile nach mian linn a fheiceáil trí bhéim a chur ar iompar nach bhfuil ag tarlú (m.sh. níl aon duine ag bualadh aon duine eile, níl aon duine ag screadach). De réir mar a rachaidh iompar dearfach (nach luíonn leis an iompar a bhfuil fadhb leis) i méid, tiocfaidh laghdú ar an iompar a bhfuil an fhadhb leis.

Ní roghnóidh daoine Cairteacha Réalta i gcónaí chun dul i ngleic le fadhb, ach is modh áisiúil dearfach iad chun iompar dalta a athrú. Is iomaí duine a bhain úsáid as Cairteacha Réalta agus a bhí sásta leo. Ní raibh daoine eile chomh sásta céanna lena gcuid iarrachtaí córas Cairt Réalta a chur ar bun. Go minic, teipeann ar Chairteacha Réalta de bhrí nach gcuirtear ar bun i gceart iad ó thús. Thíos tá cur síos ar conas Cairt Réalta éifeachtach a chur ar bun agus ar conas na fadhbanna coitianta a aithint, fadhbanna a tharlaíonn nuair nach n-oibríonn Cairt Réalta.

AG CUR CAIRT RÉALTA AR BUN

Céim 1 - Cuir béim ar an Iompar a chaithfear a Athrú
Tabhair sainmhíniú beacht ar an iompar is mian leat a athrú. '*Má bhíonn tú go maith ar feadh an lae gheobhaidh tú réalta'* ní insíonn sin go díreach do dhalta cad is ciall le bheith 'go maith', agus ní insíonn sé don duine fásta cé acu a bhí an dalta go maith nó nach raibh. Bí cúramach faoi théarmaí amhail 'cantalach', 'brónach', 'ráig feirge', 'taghdach' nó 'ionsaitheach'. Is beag maitheas a bhíonn i lipéid den sórt sin i gclár um athrú iompair toisc nach bhfuil iontu i ndáiríre ach tuairimí nó léirmhínithe an bhreathnóra maidir leis an iompar, seachas cur síos cruinn ar an iompar atá ar siúl. Chomh fada is a bhaineann sé le réaltaí a thabhairt amach nó a choinneáil siar, má tharlaíonn sé go dtugtar drochmhíniú ar an iompar a bhfuil béim air is féidir leis

[1] *Tá an t-ábhar seo curtha in oiriúint ón mbun-ábhar arna chur i láthair ag Warren Cann, Behaviour Intervention Support Team, Department of Human Services, Southern Metropolitan Region, 314 b Thomas Street, Dandenong, Victoria, AN ASTRÁIL*

easaontas a chruthú idir an dalta agus an duine fásta. Is é an rud is fearr a d'fhéadfá a dhéanamh ná an rud beacht a fheiceann tú (mar dhuine atá i láthair) a scríobh síos.

Seo samplaí de chur síos ar iompar, in éineacht le lipéid nach bhfuil an-úsáideach ach a úsáidtear go minic:

- ag bualadh, ag screadach, ag caoineadh, ag eascainí, ag ciceáil agus ag bualadh ballaí (taghd nó racht feirge);
- ag baint greamanna fiacail as/aisti féin, ag bualadh an chloiginn in aghaidh an urláir, á g(h)earradh féin le rásúr (féinmhilleadh);
- ag tógáil gach rud den urlár agus á gcur san áit cheart (seomra ranga néata);
- a bheith 12 nóiméad déanach don rang (moille).

Céim 2 - Tomhais an tIompar
Chun go n-éireoidh le clár Cairt Réalta is gá taifeadadh cruinn a dhéanamh ar iompar. Ar dtús caithfimid breathnú agus taifeadadh gan cur isteach ar an rang.

Is áisiúil an rud é slat tomhais den iompar 'roimh ré', nó **bonnlíne,** a bheith ann sula ndéanfar iarracht iompar a athrú. Mar shampla, nuair a thosóidh daoine ar chlár chun meáchan a chailleadh faightear amach cén meáchan iad sula dtosóidh siad ar aiste bia. Is slat tomhais oibiachtúil í bonnlíne agus insíonn sí duit cé chomh minic is a tharlaíonn (nó cé chomh tromchúiseach is atá) an t-iompar a bhfuil fadhb leis sula dtosóidh tú an Chairt Réalta.

Is féidir an t-iompar a thomhas ar roinnt bealaí. Seo na trí bhealach is áisiúla chun é a dhéanamh:

1. An t-iompar a chomhaireamh: m.sh. cé chomh minic is a bhuaileann an dalta duine éigin, a bhíonn sé/sí ag eascainí nó a dhúnann sé/sí doras de phlab.
2. Tomhais cén fad a mhaireann an t-iompar: is féidir tomhas a dhéanamh ar cén fad a mhaireann iompraíochtaí leanúnacha - an fad ama a bhíonn daltaí ag screadach.
3. Déan taifeadadh an dtarlaíonn iompar áirithe ag tréimhsí ama ar leith: is bealach áisiúil é sin chun taifeadadh a dhéanamh ar iompraíochtaí a tharlaíonn rómhinic le háireamh nó nach dtarlaíonn ag amanna faoi leith.

Lean den taifeadadh ar iompar, agus ná hathraigh an bealach a ndéanfaidh tú taifeadadh ar an iompar i ndiaidh duit an Chairt Réalta a chur ar bun. Is rud áisiúil é graf a tharraingt freisin chun comparáid a dhéanamh idir ráta an iompair a raibh fadhb leis sular cuireadh an Chairt Réalta i bhfeidhm agus ráta an iompair ina dhiaidh.

Céim 3 - Leag Amach Cairt
Tá roinnt codanna ag baint le Cairt Réalta a leagan amach:

1. **An Chairt:** Tá formáidí éagsúla ar chairteacha. Is gá na rudaí seo a scríobh ar an gcairt: ainm an dalta agus an t-iompar a bheidh le déanamh chun an t-atreiseoir a fháil. Is gá an chairt a chur áit éigin a fheicfidh an dalta agus an duine fásta í (m.sh. ar bhord an dalta, ar bhalla in aice leis an dalta, nó ar bhord an mhúinteora) ionas go gcuimhneoidh siad cad atá le déanamh ag an mbeirt acu.
2. **Réaltaí:** Tá an sampla seo ag glacadh leis go mbainfear úsáid as na réaltaí. (Ach ní dócha go mbeidh mórán measa ag daltaí níos sine ar réaltaí. Sa chás seo seans go mbeidh pointí, creidmheasanna nó sínithe níos oiriúnaí). Cibé rud a úsáidfear mar 'réalta' ba cheart go mbeadh sé éasca a úsáid agus nach mbeadh fáil ag an dalta go héasca air ar aon bhealach eile.

3. **Bileog Duaiseanna:** Ba chóir go scríobhfaí anseo an duais is féidir a fháil, agus cé mhéad réalta a chaithfear a fháil chun an duais a fháil. Féadfar é sin a dhéanamh ar bhileog ar leith, nó é a scríobh ar an gcairt.

Céim 4 - Duaiseanna Breise a Roghnú le haghaidh Réaltaí

Is breá le daltaí na réaltaí i dtús báire. Ach éiríonn siad tuirseach de na réaltaí de réir a chéile, mura bhfuil cineál éigin de dhuais cúltaca ann. Sa chás seo, is féidir le daltaí duais a fháil le haghaidh na réaltaí. Úsáideann na daltaí na réaltaí atá acu chun rud éigin a fáil, rud éigin a bhfuil spéis acu ann.

Tá sé tábhachtach go n-aithneoidh tú duaiseanna éifeachtacha ón tús. Ná creid gurb ionann tú féin agus an dalta: na rudaí a thaitneoidh leat, ní hiad sin na rudaí a thaitneoidh leis an dalta.

Cuimhnigh ar na rudaí seo agus duaiseanna á roghnú agat:

1. Aois, spéiseanna, agus na rudaí is maith leis an dalta.
2. Coinnigh súil ar cad is maith leis an dalta a dhéanamh agus é/í saor sa rang. Is é an rud is minice a bhíonn ar siúl ag an dalta go hiondúil an rud is mó a spreagann é nó í.
3. Fiafraigh den dalta cad ba mhaith leis/léi a dhéanamh nó a fháil. Nó fiafraigh de dhaoine fásta eile a bhfuil aithne ag an dalta orthu na rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leis an dalta.
4. Tairg réimse rudaí, imeachtaí agus gníomhaíochtaí don dalta agus féach cé acu díobh a roghnóidh sé/sí.
5. Roghnaigh duais a mbeidh smacht agat féin uirthi. Más féidir leis an dalta an duais a fháil gan aird ar an iompar a bhfuil an bhéim air, ní dócha go mbeidh éifeacht leis an duais sa chlár.
6. Smaoinigh ar na cineálacha duaiseanna a shaothraíonn an dalta leis an iompar a mbíonn fadhb leis agus úsáid an duais sin chun an t-iompar dearfach a mhéadú. Mar shampla, má aithnítear gurb é aird an duine fásta is cúis leis an dalta a bheith ag screadach an t-am ar fad, ansin úsáid aird duine fásta ar an dalta mar dhuais ag tréimhsí nuair nach mbeidh an dalta ag screadach.
7. Tá sé tábhachtach freisin rogha a dhéanamh go cúramach ar cé chomh mór is a bheidh an duais a gheobhaidh an dalta. Caithfidh méid na duaise a léiriú an méid ama agus iarrachta atá riachtanach chun an t-iompar áirithe a dhéanamh. Má tá an duais rómhór éireoidh daltaí bréan nó tuirseach di, agus dá bhrí sin laghdófar éifeachtacht na duaise. Má tá an duais róbheag is beag seans go mbeidh aon spreagadh ag an dalta leanúint den iompar dearfach.

Céim 5 - Sprioc a Leagan Síos chun Iompar a Athrú
Caithfidh tú bheith réadúil faoina bhfuil tú ag súil leis ó thaobh athrú iompair. Má chreideann tú go n-athróidh an dalta a iompar go huile is go hiomlán is cinnte go dteipfidh ar an dalta aon athrú a dhéanamh.

Tá faisnéis bhonnlíne áisiúil chun spriocanna a leagan síos. Má thugann tú duais toisc nach bhfuil iompar áirithe ar siúl ag dalta, tá tábhacht mhór le cén fad nach raibh an t-iompar ar siúl agus le cén fad a d'fhán tú chun an duais a thabhairt don dalta. Ba chóir an fad ama sin a bhunú ar an meán ama idir freagairtí mar atá sé léirithe ag an taifead bonnlíne. Mar shampla, má bhí dalta ag screadach trí huaire sa la, ar an meán, ní fiú réalta a thabhairt don dalta sin má théann lá iomlán thart gan é/í a bheith ag screadach. Tá an fad ama rófhada, agus is beag seans go saothróidh an dalta réalta dá bharr. Ar an taobh eile den scéal, má tá an fad ama róghearr (cuir i gcás an sampla seo, réalta amháin le haghaidh gach leathuair an chloig) seans go mbeidh an dalta ábalta dul i mbun an iompair sprice gan aon tionchar a bheith aige ar leibhéal na duaise a gheobhaidh sé/sí.

Tá bealach eile ann chun spriocanna réadúla a leagan síos, go háirithe agus tú ag iarraidh laghdú a dhéanamh ar iompar a bhíonn ar siúl go minic, agus is é sin, in ionad deireadh iomlán an iompair a iarraidh ar an dalta, iarr air/uirthi **nach ndéanfaidh sé/sí an t-iompar chomh minic**. Cuir i gcás, má deir dalta eascaine, ar an meán, cúig uaire i rang, is é an chéad sprioc ba cheart a bheith ann le réalta a shaothrú ná eascaine a rá ceithre huaire nó níos lú i rang. De réir a chéile éireoidh an sprioc níos deacra (3, 2 uair, srl. go dtí gur féidir deireadh a chur leis an iompar). Nó, má tá iarracht á déanamh iompar nach dtarlaíonn ach go hannamh a mhéadú (m.sh. téann dalta ar scoil, ar an meán, lá amháin in aghaidh na seachtaine) is é an chéad sprioc d'fhonn réalta a shaothrú ná méadú beag a bhaint amach san iompar (freastal ar an scoil faoi dhó sa tseachtain). De réir a chéile tiocfaidh méadú ar na critéir chun an réalta a shaothrú.

Níl sé réadúil ach an oiread sprioc a leagan síos ina n-iarrtar ar dhalta iompar áirithe a dhéanamh níos minice mura bhfuil an dalta ábalta an t-iompar sin a dhéanamh ar an gcéad dul síos. Mura raibh iompar den sórt sin ar siúl ag an dalta riamh, ansin caithfear é/í a mhúineadh chun an t-iompar a chur i gcrích. Bí cúramach gan glacadh leis go héasca go bhfuil baint ag iompraíocht dhúshlánach le heasumhlaíocht an dalta, is féidir nach bhfuil na scileanna ag an dalta. B'fhéidir nach bhfuil scil idirphearsanta aige/aici, m.sh. conas dul isteach i ngrúpa; scil oideachasúil, m.sh. conas scil mhatamaiticiúil áirithe a dhéanamh (méadú), nó scil phearsanta m.sh. ag ceangal iallacha bróg chun peil a imirt, agus seans gurb é sin a chuir tús le hiompar dúshlánach an dalta ar an gcéad dul síos. Má mhúinimid an scil iomchuí, seans go gcuirfimid deireadh leis an iompar.

Céim 6 - Ag Bronnadh Réaltaí

Agus réaltaí á mbronnadh ar dhalta ba chóir iad a bhronnadh ar an mbealach seo:

1. Láithreach bonn tar éis don iompar a bhfuil béim air tarlú. Mura dtiocfaidh an réalta díreach tar éis an iompair sprice tá an chontúirt ann go bhféadfá a bheith ag tabhairt duaise as iompar atá ag tarlú idir an dá linn.
2. Ná tabhair réalta go dtí go bhfuil an t-iompar déanta ag an dalta.
3. Sna céimeanna tosaigh den chlár, ba chóir duais a thabhairt i bhfoirm réalta gach uair a bhíonn an t-iompar ar siúl.
4. Sa chás go bhfuil duais á tabhairt as iompar nach bhfuil ar siúl, ba chóir réaltaí a bhronnadh díreach i ndiaidh an tréimhse gan an t-iompar sin m.sh. má stopann an dalta ag eascainí le linn an ranga, bronn an réalta (dearbhán / creidmheas) ag deireadh an ranga.
5. Tabhair amach na réaltaí agus tabhair moladh ó bhéal ag an am céanna, rud a dhíríonn ar ghnéithe dearfacha d'iompar na ndaltaí. *(Fred, is deas an rud go bhfuil tú féin agus Susie ag spraoi le chéile ar maidin. Seo réalta eile duit le cur ar do chairt).* Cabhróidh sé sin lena chinntiú fiú amháin nuair a bheidh na réaltaí imithe go mbeidh an t-iompar fós ar siúl mar gheall go gceadaítear nó go moltar sa rang é.
6. Ná déan scéal mór de nuair nach n-éireoidh le dalta réalta a shaothrú. *(Fred, bhuail tú Susie ag am lóin rud a chiallaíonn nach bhfaighidh tú réalta ar maidin. Má oibríonn tú go crua tráthnóna, féadfaidh tú réalta a shaothrú an uair sin).*
7. Ná bagair agus ná húsáid mar phionós é nach bhfaighidh an dalta réaltaí na go mbainfidh tú réaltaí de/di. Má bhraitheann an dalta go bhfuil tú ag iarraidh dul i bhfeidhm air/uirthi ar shlí mhíchothrom nó go bhfuil tú á rialú leis na réaltaí ní bheidh suim dá laghad aige/aici sna réaltaí ná sa chlár. Tá na réaltaí ann chun aird a dhíriú ar iompar dearfach agus ní ar iompar diúltach. Má tharlaíonn drochiompar nach bhfuil bainteach leis an scéal, cuir smacht difriúil i bhfeidhm ach ná bain na réaltaí den dalta.

Céim 7 - Dalta a Ullmhú le Cairt Réalta a Fhágáil ina Dhiaidh

Chomh luath is a bheidh athrú ar iompar an dalta curtha i gcrích, tá sé tábhachtach nach gcuirfidh tú deireadh leis an gclár go tobann. Má tharlaíonn sé sin, gach seans go bhfillfidh an dalta ar na seanphatrúin iompair a bhí ar siúl aige/aici. Is de réir a chéile ba chóir deireadh a chur le Cairt Réalta i saol an dalta.

De réir a chéile is féidir deireadh a chur leis an gCairt Réalta mar seo:

1. Leathnaigh an fad ama idir an iompar a raibh béim air agus bronnadh an réalta (m.sh. bhí Fred ag fáil réalta amháin ar maidin agus ceann eile tráthnóna de bharr nach raibh sé ag bualadh daltaí eile sa rang. De réir a chéile thosaigh an fhoireann ag cur deireadh leis an gclár agus dá bharr sin thosaigh siad ag tabhairt réalta amháin in aghaidh an lae do Fred toisc nach raibh sé ag bualadh aon duine).
2. Déan athrú ar cá mhinice a thabharfaidh tú duais don dalta: roimhe seo bhí tú ag bronnadh réaltaí ar an dalta gach uair a rinne sé/sí an t-iompar, anois ní bheidh tú ag bronnadh réaltaí ar an daltaí le haghaidh an iompair ach ó am go ham (m.sh. bhí Susie ag fail réalta gach uair a thug sí aird ar threoir an mhúinteora, agus níos déanaí, bhí sí ag fáil réalta gach dhá uair a rinne sí an rud céanna. Bhí Beth ag fáil réalta gach lá a bhí sí ar scoil in am agus ansin d'athraigh an fhoireann é sin agus thus siad duais di gach dara lá a tháinig sí ar scoil in am).

FADHBANNA A D'FHÉADFADH TARLÚ AGUS CONAS IAD A RÉITEACH

1. Níl cur síos cruinn soiléir déanta ar an iompar atá riachtanach le haghaidh duaise. Abair go soiléir an t-iompar atá i gceist agus cinntigh go bhfuil eolas cruinn beacht ag an dalta agus ag gach duine eile atá páirteach ar an gcineál iompair atá i gceist.
2. Is rófhada atá an fad ama idir an réalta agus an duais. Má tá na daltaí ag fanacht rófhada chun an duais a fháil caillfidh siad suim sna duaiseanna. Is fearr duaiseanna beaga go minic ná duaiseanna móra go hannamh.
3. Is rómhór é an méid iompair a bheidh le hathrú ag an dalta sula bhfaighidh sé/sí réalta. Ná bí ag súil leis an oiread sin ach déan iarracht teacht ar athruithe beaga in iompair an dalta ionas gur féidir leat duaiseanna a thabhairt dó/di, ina dhiaidh sin is féidir leat bheith ag súil le níos mó ó thaobh iompair de.
4. Níl aon atreisiú á dhéanamh ag an duais. Ní féidir linn bheith cinnte gur duais cheart é aon rud a dhéanfaimid go dtí go bhfeicfimid an tionchar a bheidh aige ar an iompar. Má bhí toradh áirithe ann i ndiaidh iompair agus má mhéadaigh sé an t-iompar sin is duais cheart í. Mura dtiocfaidh aon athrú ar iompar an dalta ansin déan athmhachnamh ar an duais atá in úsáid agat.
5. Níl atreiseoirí breise taobh thiar de na réaltaí nó ní thugtar an duais don dalta in aon chor. Is go han-tapa a imeoidh luach na réaltaí, agus murar bealach iad na réaltaí chun duaiseanna níos éifeachtaí a fháil, roimh i bhfad feicfear do na daltaí nach bhfuil aon chiall leo.
6. Éireoidh an dalta tuirseach den atreiseoir céanna. Barraíocht den rud céanna! Ionas nach n-éireoidh daltaí tuirseach de dhuais áirithe amháin smaoinigh ar roghchlár duaiseanna a bhunú áit a mbeidh rogha duaiseanna ag an dalta lena c(h)uid réaltaí a chaitheamh.
7. Is féidir leis an dalta teacht ar an duais ar bhealaí eile. Más bia álainn blasta atá i gceist leis an duais, agus más duine é an dalta a fhaigheann bia álainn blasta go minic gan stró, ansin ní bheidh aon éifeacht leis an duais. Roghnaigh duais eile is féidir leat a rialú.
8. Easpa leanúnachais! Mura bhfuil baill foirne leanúnach agus iad ag tabhairt amach réaltaí nó duaiseanna nó mura bhfuil siad leanúnach ag coinneáil réaltaí agus duaiseanna siar is beag seans go n-oibreoidh an clár.
9. Níl monatóireacht chruinn á déanamh ar iompar. Beidh fadhbanna ann mura gcoinneofar taifead ceart ar gach rud. Níl aon rud níos measa ná go gcaillfidh dalta duais toisc nach ndearna aon duine taifeadadh den iompar ceart a bhí ar siúl aige/aici. Coinnigh taifid chruinne den iompar ar feadh an chláir go léir.
10. Baintear réaltaí den dalta. Ná déan é sin! Déan rud éigin eile i gcás iompraíochtaí eile.

Tá samplaí de Chairteacha Réalta ar na leathanaigh ina dhiaidh seo.

CLÁR NA MAIDINE

Ainm an Dalta: *Séamus*
An Fhoireann atá páirteach: *An tUasal O Connor (an múinteoir ranga), An tUasal O'Brien (Cúntóir Riachtanas Speisialta)*
An tSeachtain dar Tús: *6 Márta 2006*
An tIompar le hAthrú: *Go minic ní bhíonn Séamus réidh le foghlaim ag tús an ranga ar maidin.*

Bonnlíne don tseachtain seo caite: *Níor chomhlíon Séamus na ceithre chritéar thíos ar aon cheann de na laethanta, agus ní raibh sé in am ar scoil ach ar dhá lá. Ar theacht chun na scoile dó níor chroch sé a chóta, labhair sé le daltaí eile, agus bhí sé an-mhall ag tabhairt amach a chuid leabhar.*

An Sprioc maidir leis an Iompar a Athrú: *Go gcuimhneoidh Séamus gur chóir dó na 4 rud seo a dhéanamh gach maidin.*

SPRIOC AN LAE: 4 RÉALTA
Duais = Trí pheann luaidhe a bhearradh don mhúinteoir tar éis glaoch rolla na maidine (9.15).

SPRIOC NA SEACHTAINE: 15 RÉALTA
Duais = An leabharlann ranga a ghlanadh Dé hAoine 10.30 - 11.00

	Luan	**Máirt**	**Céad**	**Déar**	**Aoi**
Ar scoil in am.	✯	✯	✯	✯	✯
Crochann sé an cóta san áit cheart.	✯	✯		✯	✯
Tá sé ina shuí go ciúin ag a deasc féin.		✯		✯	✯
Tógann sé amach na leabhair ar fad do cheachtanna na maidine.	✯	✯			✯
IOMLÁN	**3**	**4**	**1**	**3**	**4**
IOMLÁN NA SEACHTAINE					15

CLÁR IONTRÁLA RANGA

Ainm an Dalta: *Ann*
An Fhoireann atá páirteach: *An tUasal O Connor (an múinteoir ranga), An tUasal O'Brien (Cúntóir Riachtanas Speisialta)*
An tSeachtain dar Tús: *6 Márta 2006*
An tIompar le hAthrú: *Ní thagann Ann isteach sa rang go ciúin ná ní shuíonn sí síos go ciúin ar theacht isteach di.*

Bonnlíne don tseachtain seo caite: *Tháinig Ann isteach sa rang i gceart trí bhabhta as na cúig cinn ag 9.00, ach ní dhearna sí sin ach ar dhá ócáid eile (Dé Máirt ag 11.00 agus Dé hAoine ag 11.00).*

An Sprioc maidir leis an Iompar a Athrú: *Go siúlfaidh Ann isteach go ciúin ag tús gach ranga agus go suífidh sí ag a deasc láithreach.*

SPRIOC AN LAE: 3 RÉALTA
Duais = An páipéar atá le hathchúrsáil a thabhairt chuig an oifig / ionad athchúrsála ag 1.15 i.n.

SPRIOC NA SEACHTAINE: 11 RÉALTA
Duais = 30 nóiméad d'Am Órga tráthnóna Dé hAoine (Dé Luain roghnaíonn Ann gníomhaíocht chuí ba mhaith léi a dhéanamh tráthnóna Dé hAoine m.sh. am a chaitheamh ar an ríomhaire, ag déanamh puzail, ag éisteacht le DVD, ealaín, srl).

AM	**Luan**	**Máirt**	**Céad**	**Déar**	**Aoi**
9.00	✯	✯	✯	✯	✯
11.00	✯	✯		✯	✯
1.00				✯	✯
IOMLÁN	**2**	**2**	**1**	**3**	**3**
IOMLÁN NA SEACHTAINE					**11**

CLÁR EASCAINÍ

Ainm an Dalta: *Lisa*
An Fhoireann atá páirteach: *Paul Jones (an múinteoir ranga), Ann McNamara (Cúntóir Riachtanas Speisialta)*
An tSeachtain dar Tús: *20 Márta 2006*
An tIompar le hAthrú: *Bíonn Lisa ag eascainí go minic, sa rang agus sa chlós.*
Bonnlíne don tseachtain seo caite: *Coinníodh súil ar Lisa an tseachtain seo caite agus taifeadadh go raibh sí ag eascainí 10 n-uaire in aghaidh an lae, 6 huaire sa seomra ranga agus 4 huaire sa chlós.*

An Sprioc maidir leis an Iompar a Athrú: *Go laghdóidh Lisa líon na n- eascainí a dhéanfaidh sí go dtí uair amháin in aghaidh tréimhse ranga sa seomra ranga (.i. drochiompar amháin ceadaithe ach taifeadta, ciallaíonn dhá dhrochiompar sa tréimhse sin nach bhfaighidh sí aon réalta).*

SPRIOC AN LAE: 2 RÉALTA
Duais = Gheobhaidh Lisa greamán dá leabhar gearrthóg popcheoil.

SPRIOC NA SEACHTAINE: 11 RÉALTA
Duais = Gheobhaidh Lisa 20 nóiméad tráthnóna Dé hAoine chun gníomhaíocht dá rogha féin a dhéanamh ar an ríomhaire.

AM	**Luan**	**Máirt**	**Céad**	**Déar**	**Aoi**
9.00 – 10.50	✯	✯	✯	✯	✯
11.00 – 12.30			✯	✯	✯
1.00 – 2.40				✯	
IOMLÁN	**1**	**1**	**2**	**3**	**2**
IOMLÁN NA SEACHTAINE					**9**

Nóta: *Tugtar liosta de na focail a bhfuil cosc orthu do Lisa ionas go dtuigfidh sí na focail nach mbeidh glacadh leo. Le hais an liosta sin tá liosta focal / frásaí eile atá ceadaithe, agus a mhúintear do Lisa. Spreagtar Lisa chun na focail / frásaí sin a úsáid chomh minic agus is féidir léi.*

Foirm Breathnóireachta Iompair

Dalta: _____ Rang: _____ Breathnóir: _____

Iompar atá le breathnú: _____

Dáta	Am Breathnaithe	An ghníomhaíocht a bhí ar siúl ag an dalta ag an am	Áireamh Minicíochta

Tuairimí:

_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____

GNÍOMHAÍOCHT DON CHAIRT RÉALTA

Oibrigh i mbeirteanna. Roghnaigh dalta is dóigh leat a bhainfidh leas as Cairt Réalta.

AINM AN DALTA: _____ AOIS: _____

Liostaigh na hiompraíochtaí dúshlánacha a bhíonn ar siúl ag an dalta seo dar leat. Bí chomh cruinn beacht agus is féidir leat agus tú ag déanamh cúr síos orthu.

CÉIM 1: Abair an t-iompar a chaithfear a athrú. Tar ar chomhaontú maidir le hiompar amháin ar mhaith leat oibriú air.

*Iompar Roghnaithe:*_____

An bhfuil réaltaí oiriúnach don dalta seo? *Tá*___*Níl*___Mura bhfuil, cén córas is fearr a d'oirfeadh dá (h)aois / c(h)umas?

*Síniú*_____ *Creidmheasanna / Pointí*_____ *Dearbháin*_____ *Greamáin/Stampaí*_____

CÉIM 2: Tomhais an tIompar.
Socraigh conas a leagfaidh tú síos bonnlíne an iompair. An (1) gcomhairfidh tú é, (2) an gcuirfidh tú am air, nó (3) an dtaifeadfaidh tú an dtarlaíonn an t-iompar i dtréimhsí áirithe? Cén fad a leanfaidh an bhreathnóireacht / tomhas?

CÉIM 3: Leag amach an chairt
Úsáid an teimpléad cairte bán atá tugtha, agus liostaigh na gnéithe nó an fráma-ama san iompar sprice. Smaoinigh an bhfuil sé de mhianach sa dalta an méid sin a bhaint amach.

CÉIM 4: Roghnaigh duaiseanna breise
Déan liosta de dhuaiseanna láithreacha (laethúil) agus fadtéarmacha (seachtainiúil nó míosúil) is dóigh leat a mbeidh spéis ag an dalta iontu. Cinntigh go mbeidh tú in ann an duais sin a thairiscint / a chur ar fáil.

DUAIS LÁITHREACH (LAETHÚIL)	DUAIS FHADTÉARMACH (SEACHTAINIÚIL / MÍOSÚIL)

Conas a dheimhneoidh tú gur duais a bheidh sna rudaí seo i ndáiríre don dalta? _____
_____

Céim 5: Leag amach sprioc maidir leis an iompar a athrú
Cad é an sprioc atá aitheanta agat chun an t-iompar a athrú: _____
_____